Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Meán Fómhair 2017 (OR. fr)**

**12328/17**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2016/0368 (COD)**

**CODEC 1421**
**TRANS 368**
**MAR 156**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 2888/2000 agus Rialachán (AE) Uimh. 685/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 1101/89 ón gComhairle (**an chéad léamh**)<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 29 Samhain 2016, rinne an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 91 CFAE, a chur ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta a thuairim uaidh ar an 29 Márta 2017[2]. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún[3].

3. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún ar an 12 Meán Fómhair 2017. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[4].

---

[1] 15197/16.
[2] IO C 209, 30.6.2017, lch. 58.
[3] nár foilsíodh fós.
[4] 12054/17.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 44/17 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

Má fhormheasann an Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh é.